Meán Fómhair 2013/QP2: 2-V2 © QQI

# Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe: Prótacail chun Cuid 6 d'Acht 2012 a Chur Chun Feidhme.

**QQI, gníomhaireacht chomhtháite don cháilíocht agus do cháilíochtaí in Éirinn**

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# CLÁR

**1** ACHOIMRE ........ 2

**2** RÉAMHRÁ ........ 2

**2.1** Léirmhíniú Dlí ........ 5

**3** PRÓTACAIL ........ 6

**3.1** Prótacail Ghinearálta ........ 6

**3.2** Eolas d'Fhoghlaimeoirí ........ 7

**3.3** Socruithe le haghaidh PEL ........ 8

**3.4** Próiseas chun Comhlíonadh Prótacail PEL a Léiriú ........ 9

**3.5** Gnás chun Socruithe PEL a Ghníomhachtú ........ 10

**3.6** An Dualgas Cuidiú le QQI chun Socruithe a Dhéanamh d'Fhoghlaimeoirí atá Buailte ........ 11

**4** ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS SEO ........ 11

**5** PRÓTACAIL PEL: GLUAIS TÉARMAÍ ........ 11

# 1 ACHOIMRE

Bunaíodh QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) i Samhain 2012 leis an Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012.

Leagtar amach in Acht 2012 (i gCuid 6) ceanglais dlí QQI agus soláthraithe oideachais agus oiliúna (soláthraithe) maidir le Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe (PEL).

Leagtar amach sa doiciméad seo na prótacail trína gcumasófar do QQI a fheidhmeanna a chur i bhfeidhm agus comhlíonadh a n-oibleagáidí dlí maidir le PEL ó thaobh soláthraithe a éascú.

Cuirtear beartas QQI i dtoll a chéile i gcomhairle le geallsealbhóirí. Glacann an Bord le beartas QQI agus cuireann an feidhmeannas i bhfeidhm é dá réir.

# 2 RÉAMHRÁ

Cuireadh na prótacail atá leagtha amach sa doiciméad seo i dtoll a chéile chun soláthraithe a éascú chun a n-oibleagáidí dlíthiúla maidir le PEL a chomhlíonadh. Leagtar amach na hoibleagáidí seo in Acht 2012 agus bunaítear leis gurb ar sholáthraithe atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm maidir le PEL ar chláir shonraithe; mar sin is critéar é i gcomhthéacs an bheartais um bailíochtú cláir. I ngach cás den sórt sin, is iad na buncheanglais bailíochtaithe an tslat tomhais a bheidh ann.

D'ainneoin na freagrachta atá ar sholáthróirí socruithe PEL a bheith i bhfeidhm acu, féadfaidh QQI iarraidh freisin go gcuideodh soláthraí ábhartha le socruithe a dhéanamh d'fhoghlaimeoirí atá buailte ag scor an chláir.

Baineann na prótacail seo le catagóirí éagsúla soláthraithe ar bhealaí éagsúla:

A. Ní mór do gach soláthróir beag beann ar a gcaidreamh le QQI catagóirí áirithe faisnéise a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí (baineann Prótacail 3.2).

B. Mura ndíolmhaítear go sonrach (féach an liosta thíos), ní mór do gach soláthróir príobháideach, deonach agus poiblí a chuireann cláir bhailíochtaithe QQI ar fáil (nó iad siúd a bhfuil údarás tarmligthe acu chun dámhachtainí a dhéanamh) a ghearrann táillí agus a thairgeann cláir de thrí mhí nó níos faide a léiriú go gcomhlíonann siad na ceanglais dlí maidir le PEL (bíonn feidhm ag Prótacail 3.2, 3.3, 3.4, 3.5 agus 3.6). Baineann na prótacail seo leis na soláthraithe seo nuair:

    i. a chuireann siad cláir isteach lena mbailíochtú
    ii. a dhéanann QQI athbhreithniú ar bhailíochtú cláir atá bailíochtaithe faoi láthair
    iii. a lorgaíonn siad údarás tarmligthe[1] chun dámhachtain a dhéanamh i leith clár bailíochtaithe
    iv. a chuireann siad togra isteach chun dámhachtain(í) breise a áireamh faoi údarás tarmligthe

1 Leathnaíonn Acht 2012 an ceart chun tarmligean údaráis a lorg chun dámhachtainí a dhéanamh chuig soláthraithe a chomhlíonann na rialacháin atá leagtha amach ag an Aire Oideachais agus Scileanna sa réimse seo.. Tá rialacháin dá leithéid le bunú fós.

C. Cabhróidh gach soláthróir ábhartha (lena n-áirítear soláthraithe poiblí), má iarrtar sin air, le QQI chun freastal ar fhoghlaimeoirí atá buailte ag scor cláir (baineann Prótacail 3.6 leis seo).

Tá na soláthraithe seo a leanas díolmhaithe faoin reachtaíocht ón gceanglas sonrach socruithe a chur i bhfeidhm le haghaidh PEL (Prótacail 3.3, 3.4 agus 3.5) do chláir arna dtairiscint:

A. Ollscoil a bhí ann roimhe seo.
B. Foras oideachais a bunaíodh mar ollscoil faoi Alt 9 d'Acht 1997.
C. Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.
D. Institiúid Teicneolaíochta.
E. FÁS (SOLAS, nuair a bhunaítear é).
F. An tÚdarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta (Fáilte Éireann).
G. Teagasc.
H. Bord Iascaigh Mhara
I. Institiúid oideachais nó oiliúna arna bunú agus arna cothabháil ag bord oideachais agus oiliúna (BOO).
J. Scoil aitheanta.

| Tábla 1: Achoimre ar oibleagáidí do chatagóirí éagsúla soláthraithe | Eolas d'fhoghlaimeoirí | Socruithe PEL ar leith a chur i bhfeidhm do chláir ina mbíonn PEL de dhíth | Cuidiú le socruithe a dhéanamh d'fhoghlaimeoirí atá buailte |
|---|---|---|---|
| **Prótacail:** | **3.2** | **3.3 - 3.5** | **3.6** |
| **Gach soláthraí ábhartha, mar a shainítear in Acht 2012** | Tá | Níorbh ann dóibh | Tá |
| **Soláthróirí príobháideacha, deonacha agus poiblí de chuid cláir bhailíochtaithe QQI nó a bhfuil údarás tarmligthe acu (mura bhfuil siad díolmhaithe) a ghearrann táillí agus a thairgeann cláir a mhaireann trí mhí nó níos faide.** | Tá | Tá | Tá |
| **Gach soláthraí nach soláthraí ábhartha iad, mar a shainítear in Acht 2012** | Tá | Níorbh ann dó | Níorbh ann dó |

## 2.1 LÉIRMHÍNIÚ DLÍ

Gné de chuid Acht 2012 is ea Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe. Leagadh amach foráil chomhchosúil in Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999 (Acht 1999), a aisghaireadh agus a ionadaíodh le hAcht 2012.

Cinntíonn an ceanglas dlíthiúil nach mbeidh foghlaimeoirí atá rollaithe ar chlár, a mhairfidh níos faide ná trí mhí agus a bhfuil táillí íoctha acu, faoi mhíbhuntáiste i gcás go dtiocfaidh deireadh leis an gclár sula gcríochnaítear é.

Féachtar in Acht 2012 lena chinntiú:

- Go mbeidh deis ag foghlaimeoirí clár as a leanfaidh dámhachtain a chríochnú, nó
- Aisíoctar an t-airgead is déanaí a íoctar le foghlaimeoirí má thagann deireadh le clár sula gcríochnaíonn siad é, agus
- Cuirtear faisnéis leordhóthanach agus chruinn ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoin gclár ar mian leo a dhéanamh agus faoin gcosaint atá i bhfeidhm dóibh i gcás ina dtagann deireadh leis an gclár sula gcríochnaíonn siad.

Chun é seo a atreisiú, luaitear PEL go sonrach in Acht 2012 i gCuid 5 agus i gCuid 6 agus leagtar amach ann na ceanglais atá le comhlíonadh ag soláthraithe. Laistigh den Acht 2012, ní thagraíonn "Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe" ach do chláir a mhaireann trí mhí nó níos mó ina bhfuil táillí íoctha ag foghlaimeoirí nó ar a son.

Faoi Acht 2012, ciallaíonn "socruithe inghlactha le haghaidh PEL" socruithe le dhá sholáthraí eile ar a laghad chun aistriú foghlaimeoirí chuig cláir chomhchosúla a éascú nó, nuair nach bhfuil sé sin indéanta, socruithe chun an t-airgead is déanaí a íocadh a aisíoc.

Chun críocha na bprótacal PEL seo, tá QQI (tar éis comhairle dlí) tar éis na téarmaí a úsáidtear in Acht 2012 a léirmhíniú mar seo a leanas:

### FAD TRÉIMHSE TRÍ MHÍ:

Trí mhí féilire, beag beann ar mhodh nó nádúr an tseachadta nó méid na foghlama. Is tagairt é seo don tréimhse ó thús an teagaisc go dtí an pointe a bhfuil measúnú déanta ar fhoghlaimeoirí chun críocha an chláir a chríochnú agus go bhfuil toradh an mheasúnaithe deimhnithe ag an soláthraí[2].

### CLÁR DEN CHINEÁL CÉANNA:

Ceann as a leanann an cineál dámhachtana céanna[3] sa réimse céanna foghlama ag an leibhéal CNC céanna, agus le torthaí foghlama atá cosúil a bheag nó a mhór. Féadfar clár a chomhlíonann na riachtanais seo a mheas mar chlár comhchosúil beag beann ar dhifríochtaí sa mhodh, san fhad tréimhse nó san áit seachadta. I ngach cás den sórt sin, is iad na buncheanglais bailíochtaithe an slat tomhais a bheidh ann.

2 An pointe nuair nach mbíonn an foghlaimeoir i mbaol scor an chláir a thuilleadh.

3 Is éard is cineál dámhachtana ann ná aicme dámhachtainí ainmnithe a bhfuil gnéithe comónta agus leibhéil CNC i bpáirt acu. Tá cineál dámhachtana amháin ar a laghad ag gach leibhéal sa Chreat. Tá a thuairisceoir cineáil dámhachtana féin ag gach cineál dámhachtana. Gheofar tuilleadh eolais ach féachaint air: Cinntí don Chreat Imlíne Náisiúnta Cáilíochtaí.

### AIRGEAD A ÍOCADH LE DÉANAÍ:

Maidir le cláir a mhaireann suas le bliain amháin, ní mór go mbeadh socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm ag an soláthraí chun éileamh ar aisíocaíocht a chomhlíonadh maidir le fad tréimhse iomlán na gclár sin. Maidir le cláir a mhaireann níos faide ná coibhéis bliana, agus mar a ngearrtar táillí agus íocaíochtaí eile ar an bhfoghlaimeoir maidir le gach bliain, ní mór go mbeadh socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm ag an soláthraí i gcónaí chun éileamh ar aisíocaíocht bliana amháin ar a laghad a chomhlíonadh. Go hachomair, féadfaidh foghlaimeoirí aisíocaíocht a lorg ar feadh suas le bliain amháin den airgead a íocadh.

Gheofar gluais téarmaí ag deireadh an doiciméid seo.

# 3. PRÓTACAIL

## 3.1 PRÓTACAIL GHINEARÁLTA

3.1.1 Ní mór do gach soláthraí faisnéis áirithe a bhaineann le cláir agus dámhachtainí a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí sula gcláraíonn siad nó sula nglacfaidh siad le híocaíocht as clár oideachais agus oiliúna.

3.1.2 Ní mór do sholáthraithe ábhartha, seachas iad siúd atá díolmhaithe faoi Acht 2012 (díolúintí atá liostaithe sa Réamhrá), a mbeartas agus a ngnásanna foriomlána maidir le Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe (PEL) a aontú le QQI mar chuid dá gcomhaontú dearbhaithe cáilíochta le QQI. Ní mór socruithe sonracha PEL a bheith i bhfeidhm ag soláthraithe den sórt sin freisin do gach clár a mhairfidh trí mhí nó níos mó i gcás ina bhfuil táillí íoctha ag an bhfoghlaimeoir, nó thar a cheann, agus a bhfuil bailíochtú nó tarmligean údaráis chun dámhachtain a dhéanamh á lorg ó QQI.

3.1.3 Tá sé de dhualgas ar gach soláthróir ábhartha, lena n-áirítear soláthraithe poiblí, cabhrú le QQI (a mhéid is indéanta) chun freastal ar fhoghlaimeoirí atá buailte ag scor an chláir, má iarrtar sin, agus léireofar é seo ina ngnásanna um dhearbhú cáilíochta arna mbunú faoi Acht 2012.

3.1.4 Ba cheart do sholáthraithe díolmhaithe na himpleachtaí PEL a bhreithniú agus iad ag déanamh socruithe comhoibríocha agus comhdhámhachtana le soláthraithe a bhfuil gá leo le PEL. Ba cheart díriú ar PEL sna socruithe conarthacha atá mar bhonn agus taca le socruithe comhoibrithe.

3.1.5 Cosnófar foghlaimeoirí le socruithe PEL ón am a íoctar táillí, go páirteach nó go hiomlán, chun clárú ar chlár oideachais agus oiliúna a mhairfidh trí mhí nó níos faide go dtí go mbeidh deimhniú faighte acu don fhoghlaim a baineadh amach nó go dtí go mbeidh siad eisiata go dlisteanach ón gclár.

## 3.2 EOLAS D'FHOGHLAIMEOIRÍ

3.2.1 Ní mór do gach soláthraí an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil go poiblí í a bheith sothuigthe ar a shuimh Ghréasáin agus in ábhar foilsithe eile sula gcláróidh siad foghlaimeoirí nó sula nglacfaidh siad le haon íocaíocht ó, nó thar ceann, foghlaimeoir rollaithe do chlár oideachais agus oiliúna:

a. Ainm an fhorais cháíliúcháin (nó na bhforas) a dhéanann an dámhachtain

b. Teideal an chláir agus an gradam a leanann as

c. Cibé an bhfuil an dámhachtain aitheanta laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ), agus má tá:
   i. Leibhéal an aitheantais sin laistigh den CNC
   ii. Cibé an mórdhámhachtain, miondámhachtain, dámhachtain saincuspóra nó dámhachtain fhorlíontach é mar a shainaithnítear laistigh den CNC

d. Mura n-éiríonn leis an bhfoghlaimeoir an clár a chríochnú, ní dámhachtain a bhronntar ach teastas críochnúcháin nó a mhacasamhail, más amhlaidh atá.

e. I gcás ina gceanglaítear ar an soláthraí gnásanna maidir le rochtain, aistriú agus dul chun cinn a bheith i bhfeidhm faoi Alt 56 d'Acht 2012, ráiteas faoin gcaoi a mbaineann na gnásanna sin leis an gclár sin.

f. Sonraí na socruithe le haghaidh PEL atá i bhfeidhm ag an soláthraí, de réir Alt 65(4) d'Acht 2012, nó i gcás nach bhfuil aon socruithe PEL i bhfeidhm, ba cheart go gcuirfí an méid sin in iúl go soiléir.

Ba cheart cloí leis na prótacail ábhartha.

3.2.2 Ní mór do sholáthraithe fógra i scríbhinn a thabhairt d'fhoghlaimeoirí rollaithe faoi aon athrú ar an eolas a chuirtear in iúl do na foghlaimeoirí laistigh de 14 lá tar éis dóibh teacht ar an eolas faoin athrú sin.

3.2.3 Faoi Alt 67(3) d'Acht 2012, is cion é do sholáthraí gan fógra a thabhairt d'fhoghlaimeoirí faoin bhfaisnéis atá leagtha amach faoi ailt 3.2.1 agus 3.2.2 de na prótacail seo nó faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar in ainm is a bheith ag comhlíonadh na n-alt seo.

3.2.4 Ní mór do sholáthraithe ábhartha a gcuid socruithe PEL a fhoilsiú agus ní mór na socruithe PEL a chur in iúl d'fhoghlaimeoirí ionchasacha sula dtosaíonn siad ar chlár. Ba cheart go n-áireofaí orthu seo ceann amháin díobh seo a leanas:

a. Ainmneacha agus sonraí teagmhála na soláthraithe malartacha agus ainmneacha na gclár malartach

**nó**

b. Achoimre ar na socruithe aisíocaíochta atá i bhfeidhm

**agus**

Ráiteas gur féidir sonraí foghlaimeora a chomhroinnt le soláthraithe malartacha agus le QQI i gcás ina gcuirfear socrú PEL i bhfeidhm.

## 3.3 SOCRUITHE LE HAGHAIDH PEL

3.3.1 Ní mór don soláthraí sonraí faoi na socruithe atá i bhfeidhm le haghaidh PEL a chur isteach i scríbhinn chuig QQI nuair:

a. Iarratas ar bhailíochtú cláir a chur chuig QQI

b. Iarratas ar údarás tarmligthe chun dámhachtainí a dhéanamh a chur chuig QQI

c. Fógra a thabhairt do QQI maidir le togra chun dámhachtain(í) breise a dhéanamh le haghaidh aicme clár ar deonaíodh údarás tarmligthe ina leith, ach nár sonraíodh san iarratas bunaidh ar údarás tarmligthe

3.3.2 Cuimsíonn na "socruithe atá i bhfeidhm":

a. Comhaontú idir soláthraí an chláir agus dhá sholáthraí eile ar a laghad[4] go bhféadfaidh foghlaimeoir rollaithe aistriú chuig clár comhchosúil de chuid na soláthraithe eile sin; nó

b. I gcás ina measann an soláthraí (le comhaontú QQI) nach bhfuil sé indéanta rialachán 3.3.2.a a chomhlíonadh), go bhfuil socruithe i bhfeidhm a chuireann ar chumas an tsoláthraí sin aisíoc a dhéanamh le foghlaimeoir rollaithe (nó leis an duine a d'íoc an t-airgead thar ceann an fhoghlaimeora rollaithe) den airgead is déanaí a íocadh as an gclár i dtrácht as:

   i. Táillí teagaisc

   ii. Táillí clárúcháin

   iii. Táillí scrúdaithe

   iv. Táillí leabharlainne

   v. Táillí seirbhísí mac léinn

   vi. Aon táillí eile a bhaineann le soláthar oideachais, oiliúna agus seirbhísí gaolmhara

Is fearr áit is féidir socruithe a éascaíonn foghlaimeoirí chun a gcuid staidéir a chríochnú.

4 Cé go gcaithfidh socruithe a bheith i bhfeidhm le dhá sholáthraí eile ar a laghad, tabhair ar aird nach bhfuil socruithe teoranta do dhá sholáthraí, ach go bhféadfadh an oiread soláthraithe agus is gá a bheith i gceist le freastal ar fhoghlaimeoirí.

3.3.3 Cuirfear socruithe PEL i ngníomh nuair:

a. A theipeann ar sholáthraí ar chúis ar bith clár oideachais agus oiliúna a mhaireann trí mhí nó níos faide a sholáthar i gcás inar íocadh airgead (lena n-áirítear dócmhainneacht nó foirceannadh an tsoláthraí sin), nó i gcás ina dtarraingíonn QQI bailíochtú cláir siar

b. A bhíonn clár oideachais agus oiliúna trí mhí nó níos faide tosaithe ag foghlaimeoirí rollaithe, ach gan é a bheith críochnaithe, i gcás inar íocadh airgead agus ina scoireann an soláthraí ar chúis ar bith den chlár a sholáthar sula gcríochnaítear an clár sin (lena n-áirítear dócmhainneacht nó foirceannadh an tsoláthraí sin), nó mar gheall ar bhailíochtú an chláir a bheith tharraingthe siar ag QQI.

## 3.4 PRÓISIS CHUN COMHLÍONADH PRÓTACAIL PEL A LÉIRIÚ

3.4.1 Ní mór do sholáthraithe comhlíonadh Chuid 6 d'Acht 2012 a léiriú trí QQI a chur ar an eolas i scríbhinn faoi na socruithe atá i bhfeidhm le haghaidh PEL, ina leagtar amach conas ar shásaigh an soláthraí é féin gur socruithe leordhóthanach iad na socruithe agus go gcomhlíonann siad na ceanglais dhlíthiúla mar atá leagtha amach sna prótacail seo. Go sonrach, ba cheart an fhaisnéis agus an doiciméadú seo a leanas a sholáthar do gach clár ábhartha oideachais agus oiliúna lena mbaineann PEL:

a. Sonraí na socruithe chun foghlaimeoirí a aistriú chuig cláir chomhchosúla arna dtairiscint ag dhá sholáthraí malartacha ar a laghad

b. Deimhniú gur eintitis dhlíthiúla ar leith iad na soláthraithe malartacha agus go bhfuil siad neamhspleách ó thaobh airgeadais ón soláthraí is iarratasóir

c. Deimhniú go bhfuil an cumas ag na soláthraithe malartacha ainmnithe a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin socrú PEL, lena n-áirítear líon beacht na bhfoghlaimeoirí a shonrú ar féidir freastal orthu ar chlár i gcomhréir leis an socrú PEL; nó

d. I gcás nach bhfuil sé indéanta foghlaimeoirí a aistriú chuig cláir mhalartacha, na cúiseanna atá leis seo agus sonraí na socruithe airgeadais atá i bhfeidhm chun airgead a aisíoc le foghlaimeoirí, nó leo siúd a d'íoc airgead ar a son. Ní mór a áireamh ar shocruithe airgeadais soláthar chun cistí a dháileadh ar fhoghlaimeoirí agus ní mór don chiste costas an tsoláthair sin a chlúdach

e. An chaoi ar shásaigh an soláthraí é féin gur socruithe leordhóthanacha iad na socruithe PEL agus go gcomhlíonann siad na ceanglais dhlíthiúla a leagtar amach sna prótacail seo

f. Gnás sonraithe do sholáthraithe malartacha agus do QQI chun rochtain a fháil ar thaifid foghlaimeora lena n-áirítear taifid íocaíochta táillí agus ábhar measúnaithe (lena n-áirítear coimrí tascanna agus critéir mharcála etc.) i gcás ina scoireann an soláthraí de chlár a sheachadadh nó go scoirfidh sé go hiomlán de bheith ag trádáil.

3.4.2 Ní mór socruithe PEL a bheith údaraithe go cuí ag ionadaithe ceaptha na soláthraithe atá i gceist.

3.4.3 Ní mór do sholáthraithe a chinntiú:

a. Ag am ar bith, nach sáraíonn líon na bhfoghlaimeoirí rollaithe ar chlár an t-uaslíon sonraithe sa socrú PEL a comhaontaíodh don chlár sin.

b. Gach uair a thosaíonn clár, ní mór don soláthraí dul i dteagmháil leis na soláthraithe malartacha chun a chinntiú go bhfuil na socruithe cosanta reatha agus leordhóthanach.

3.4.4 Ní mór do sholáthraithe fógra i scríbhinn a thabhairt d’fhoghlaimeoirí rollaithe faoi aon athrú ar an eolas a chuirtear in iúl do na foghlaimeoirí laistigh de 14 lá tar éis dóibh teacht ar an eolas faoin athrú sin.

3.4.5 Ní mór do sholáthraithe soláthraithe malartacha, foghlaimeoirí agus QQI a chur ar an eolas a luaithe is indéanta nuair a bhíonn gá le socrú PEL a chur i bhfeidhm. I gcás den sórt sin, ní mór do sholáthraithe malartacha ainmnithe a gcuid socruithe a chur i ngníomh chun freastal ar fhoghlaimeoirí.

3.4.6 Más rud é:

- Go scoireann soláthraí malartach de chlár malartach a thairiscint nó
- Go n-athraíonn an clár malartach go hábhartha ionas nach féidir a mhaíomh a thuilleadh go bhfuil sé comhchosúil nó
- Nach léiríonn sé a thuilleadh na socruithe PEL a cuireadh in iúl do na foghlaimeoirí agus do QQI

Ní mór don soláthraí malartach a chur in iúl don soláthraí nach bhfuil a shocruithe PEL bailí a thuilleadh. Ní mór socrú nua a chomhlíonann na prótacail seo a chur i bhfeidhm, agus ní mór é seo a chur in iúl d’fhoghlaimeoirí agus do QQI laistigh de mhí féilire amháin. Mura féidir socrú PEL nua a chinntiú ní mór don soláthraí stop a chur láithreach le foghlaimeoirí nua a chlárú ar an gclár.

3.4.7 Coimeádfaidh QQI ar a bhunachar sonraí náisiúnta de chláir agus dámhachtainí taifead poiblí ar shocruithe PEL a bhfuil fógra faighte aige ina leith.

## 3.5 GNÁS CHUN SOCRUITHE PEL A GHNÍOMHACHTÚ

3.5.1 Gníomhachtaítear socruithe PEL i gcás ina dtarlaíonn aon cheann díobh seo:

a. Scoireann soláthraí de bheith ag trádáil fad a bhíonn foghlaimeoirí rollaithe ar chláir

b. Scoireann soláthraí de chlár ar leith a thairiscint fad a bhíonn foghlaimeoirí rollaithe ar an gclár

c. Tarraingíonn QQI bailíochtú an chláir siar fad a bhíonn foghlaimeoirí rollaithe

3.5.2 Más gá socruithe PEL a ghníomhachtú (le soláthraithe malartacha nó le socrú airgeadais), ní mór don soláthraí QQI agus na soláthraithe malartacha a chur ar an eolas láithreach. Ní mór don soláthraí ansin fógra foirmiúil i scríbhinn a sholáthar do QQI agus do na soláthraithe malartacha ainmnithe nó don institiúid airgeadais ábhartha. Ní mór foghlaimeoirí agus QQI a chur ar an eolas faoi na socruithe chun cistí a tharraingt anuas.

3.5.3 Ní mór don soláthraí, nó a ionadaí cuícheaptha, 'plean gníomhaíochta d'fhoghlaimeoirí rollaithe' a chur i dtoll a chéile le cur in iúl d'fhoghlaimeoirí. Ní mór deimhniú gur tharla sé seo a thabhairt i scríbhinn do QQI. Ní mór don soláthraí teagmháil a dhéanamh láithreach le gach foghlaimeoir rollaithe, á gcur ar an eolas faoin gcás, agus ní mór dó plean gníomhaíochta a sholáthar do gach foghlaimeoir maidir le críochnú an chláir agus/nó socruithe a bhaineann le soláthraithe malartacha nó le haghaidh aisíoc airgid a íocadh.

### 3.6 DUALGAS CABHRÚ LE QQI CHUN FREASTAL A DHÉANAMH AR FHOGHLAIMEOIRÍ ATÁ BUAILTE

3.6.1 Is iad na soláthraithe atá freagrach as Foghlaimeoirí Rollaithe a Chosaint. Nuair a thagann cás chun cinn nuair nach leor socruithe an tsoláthraí, féadfaidh QQI iarraidh ar aon soláthraí ábhartha cuidiú le freastal ar fhoghlaimeoirí den sórt sin a mhéid is indéanta. Ní dhéanfaidh QQI iarratas den sórt sin ach amháin nuair a bhíonn géarghá leis.

## 4 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBEARTAS SEO

Déanfar athbhreithniú ar na prótacail maidir le cur i bhfeidhm Chuid 6 d'Acht 2012 dhá bhliain tar éis iad a chur i bhfeidhm nó níos luaithe más gá.

## 5 PRÓTACAIL PEL: GLUAIS TÉARMAÍ

### CLÁR DEN CHINEÁL CÉANNA:

Ceann a leanann an cineál dámhachtana céanna as sa réimse céanna foghlama ag an leibhéal CNC céanna, agus a bhfuil torthaí foghlama comhchosúla aici, a bheag nó a mhór. Féadfar clár a chomhlíonann na riachtanais seo a mheas mar chlár comhchosúil beag beann ar dhifríochtaí sa mhodh, san fhad tréimhse nó san áit seachadta. I ngach cás den sórt sin, is é an pointe tagartha na buncheanglais bhailíochtaithe

## CINEÁL DÁMHACHTANA:

[3] Is éard is cineál dámhachtana ann ná aicme dámhachtainí ainmnithe a bhfuil gnéithe comónta agus leibhéil CNC i bpáirt acu. Tá cineál dámhachtana amháin ar a laghad ag gach leibhéal sa Chreat. Tá a thuairisceoir cineáil dámhachtana féin ag gach cineál dámhachtana.

## FOGHLAIMEOIR ROLLAITHE:

Foghlaimeoir atá rollaithe i gclár oideachais agus oiliúna.

## AIRGEAD A ÍOCADH LE DÉANAÍ::

Maidir le cláir a mhaireann suas le bliain amháin, ní mór go mbeadh socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm ag an soláthraí chun éileamh ar aisíocaíocht a chomhlíonadh maidir le fad tréimhse iomlán na gclár sin. Maidir le cláir a mhaireann níos faide ná coibhéis bliana, agus mar a ngearrtar táillí agus íocaíochtaí eile ar an bhfoghlaimeoir maidir le gach bliain, ní mór go mbeadh socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm ag an soláthraí i gcónaí chun éileamh ar aisíocaíocht bliana amháin ar a laghad a chomhlíonadh. Go hachomair, féadfaidh foghlaimeoirí aisíocaíocht a lorg ar feadh suas le bliain amháin den airgead a íocadh.

## CLÁR OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA:

Próiseas trína bhfaigheann foghlaimeoir eolas, scil nó inniúlacht agus lena n-áirítear cúrsa staidéir, cúrsa teagaisc agus printíseacht.

## SOLÁTHRAÍ:

Duine a sholáthraíonn, a eagraíonn nó a sholáthraíonn clár oideachais agus oiliúna.

## SCOIL AITHEANTA

Ciallaíonn sé scoil atá aitheanta ag an Aire Oideachais agus Scileanna faoi alt 10 den Acht Oideachais 1998.

## CLÁR ÁBHARTHA:

Clár a bhfuil feidhm ag beartas eatramhach PEL QQI agus gnásanna gaolmhara maidir leis, i.e. clár a mhaireann trí mhí nó níos faide a bhfuil airgead íoctha ag an bhfoghlaimeoir maidir leis, nó thar ceann an fhoghlaimeora.

## SOLÁTHRAÍ ÁBHARTHA

Ciallaíonn sé ceann amháin díobh seo a leanas:

a. Ollscoil a bhí bunaithe roimhe seo.

b. Foras oideachais a bunaíodh mar ollscoil faoi Alt 9 d'Acht 1997.

c. Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn

d. Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

e. Soláthraí a bhfuil a chlár oideachais agus oiliúna bailíochtaithe faoi Alt 45 d'Acht 2012.

f. Soláthraí a rinne socrú le foras cáiliúcháin faoi Alt 48 d'Acht 2012

g. Soláthraí a bhfuil údarás chun dámhachtain a dhéanamh tarmligthe dó faoi Alt 53 den Acht

h. Soláthraí atá údaraithe chun an marc oideachais idirnáisiúnta a úsáid faoi Alt 61 den Acht seachas soláthraí atá údaraithe amhlaidh i gcás inarb é an soláthraí sin freisin:

   i Soláthraí dá dtagraítear i míreanna (a) go (g), nó

   ii. Soláthraí nasctha

Soláthraí neamhábhartha is ea soláthraí nach mbaineann le haon cheann de na grúpaí thuas.

## FAD TRÉIMHSE TRÍ MHÍ:

Trí mhí féilire, beag beann ar mhodh nó nádúr an tseachadta nó méid na foghlama. Baineann sé seo leis an tréimhse ó thús a bheith curtha leis an teagasc go dtí an pointe ag an ndéantar foghlaimeoirí a mheasúnú ar mhaithe leis an gclár a chríochnú agus torthaí an mheasúnaithe a bheith deimhnithe ag an soláthraí.